An Coimisiún Eorpach

#SOTEU

# STAID AN AONTAIS 2021

## AN 15 MEÁN FÓMHAIR

le hURSULA VON DER LEYEN
Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh

ec.europa.eu/soteu2021

STAID AN AONTAIS

# AMLÍNE

# MEÁN FÓMHAIR

2020

## 18.9



Aontas an Chomhionannais: chuir an Coimisiún chun tosaigh an chéad **phlean gníomhaíochta AE maidir le frithchiníochas**.

## 23.9



Leis an g**Comhshocrú Nua maidir le hImirce agus Tearmann** beartaíodh nósanna imeachta níos fearr agus níos tapa ar fud chóras an tearmainn agus na himirce agus rinneadh prionsabal na dlúthpháirtíochta agus na comhroinnte córa freagrachta a chothromú.

## 24.9

Ghlac an Coimisiún Eorpach **pacáiste maidir leis an airgeadas digiteach**, pacáiste ina gcuimsítear straitéis maidir leis an airgeadas digiteach agus tograí reachtacha maidir le cripteashócmhainní agus leis an athléimneacht dhigiteach – is pacáiste é a glacadh ar mhaithe le hearnáil airgeadais an Aontais a bheith iomaíoch, is é sin go dtabharfadh sí rochtain do thomhaltóirí ar tháirgí airgeadais nuálacha, agus ag an am céanna go gcosnódh sí tomhaltóirí, agus go gcinnteodh sí an chobhsaíocht airgeadais.

# DEIREADH FÓMHAIR

2020

## 6.10

Glacadh **plean cuimsitheach eacnamaíoch agus infheistíochta** chun dlús a chur le téarnamh fadtéarmach na mBalcán Thiar agus chun an lánpháirtiú réigiúnach a chothú.



## 7.10

Ghlac an Coimisiún **plean nua deich mbliana chun tacú leis na Romaigh san Aontas**.

## 8.10

D'fhormheas an Coimisiún an conradh leis an gcuideachta cógaisíochta Janssen Pharmaceutica NV lena gceadaítear do na Ballstáit vacsaíní a cheannach i gcomhair 200 milliún duine agus an deis a bheith acu vacsaíní a cheannach i gcomhair 200 milliún duine breise. Thug an Coimisiún an chéad chomhaontú leis an gcuideachta cógaisíochta AstraZeneca i gcrích cheana féin an 14 Lúnasa. Bhí an comhaontú sin mar bhonn chun 300 milliún dáileog den vacsaín a cheannach, agus an rogha ann 100 milliún eile a cheannach thar ceann na mBallstát.

## 14 . 10

An Comhaontú Glas don Eoraip: ghlac an Coimisiún **straitéis nua ceimiceán** chun oibriú i dtreo comhshaol atá saor ó thocsainí.





## 21 . 10

D'eisigh an Coimisiún **an chéad bhanna sóisialta dar luach €17 mbilliún** faoi ionstraim SURE an Aontais le cuidiú chun poist a chosaint agus daoine a choimeád ina bpost.

## 27 . 10

**Íocadh amach €17 mbilliún leis an Spáinn, leis an Iodáil agus leis an bPolainn** i leith na chéad tráthchoda de thacaíocht airgeadais do na Ballstáit faoin ionstraim SURE. Faoin tráth sin bhí suas le 30 milliún oibrí agus 2.5 milliún gnólacht tar éis tairbhe a bhaint as SURE. Chuir an tAontas tuairim is €90 billiún san iomlán ar fáil do 19 mBallstát cheana.

## 28 . 10

Bheartaigh an Coimisiún treoir Eorpach chun a chinntiú go mbeidh íosphá leordhóthanach ann chun oibrithe san Aontas a chosaint, ionas gur féidir leo caighdeán maireachtála sásúil a bheith acu cuma cén áit ina n-oibríonn siad.

# SAMHAIN

2020

## 11 . 11

Seoladh **an clár oibre nua do thomhaltóirí** chun a chur ar a gcumas do thomhaltóirí an Aontais ról gníomhach a bheith acu san aistriú glas agus san aistriú digiteach.





## 11 . 11

Glacadh na céimeanna tosaigh i dtreo **Aontas Sláinte na hEorpa** a chur ar bun, rud a chinnteoidh gur fearr a bheifear ullmhaithe agus gur fearr a bheidh an fhreagairt le linn na géarchéime sláinte atá anois ann agus lena linn siúd a bheidh ann amach anseo.

## 11 . 11

D'fhormheas an Coimisiún an conradh leis na cuideachtaí cógaisíochta BioNTech agus Pfizer, lena ndéantar foráil le haghaidh ceannach tosaigh de 200 milliún dáileog ar son na mBallstát uile, chomh maith leis an rogha suas le 100 milliún dáileog bhreise a iarraidh.



## 12 . 11

Chuir an Coimisiún i láthair an chéad **straitéis AE maidir le comhionannas LADTIA+**.

## 25 . 11

Cuireadh **plean gníomhaíochta maidir le hinscne** chun tosaigh chun comhionannas inscne agus cumhachtú na mban a chur chun cinn ar fud gach gné de ghníomhaíochtaí seachtracha an Aontais.



## 25 . 11

D'fhormheas an Coimisiún an conradh leis an gcuideachta chógaisíochta Moderna, lena ndéantar foráil le haghaidh ceannach tosaigh de 80 milliún dáileog ar son na mBhallstát, chomh maith leis an rogha suas le 80 milliún dáileog bhreise a iarraidh.

# NOLLAIG

## 2020

### 2 . 12

**An caidreamh idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe**: mhol an tAontas clár oibre trasatlantach réamhbhreathnaitheach nua maidir leis an gcomhar domhanda.





### 3 . 12

Chuir an Coimisiún i láthair **Plean Gníomhaíochta um an Daonlathas Eorpach** chun saoránaigh a chumhachtú agus chun daonlathais níos athléimní a fhorbairt ar fud an Aontais.

### 10 . 12

An Comhaontú Glas don Eoraip: rinneadh togra le haghaidh **rialachán ar cheallraí inbhuanaithe** le haghaidh geilleagar ciorclach agus aeráidneodrach.



### 15 . 12

**An Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha agus an Gníomh um Margaí Digiteacha**: moladh athchóiriú uaillmhianach ar an spás digiteach, chomh maith le sraith chuimsitheach rialacha nua maidir leis an seirbhísí digiteacha go léir.



### 17 . 12

Glacadh **buiséad fadtéarmach an Aontais le haghaidh na tréimhse 2021–2027** sa Chomhairle, buiséad ar fiú €1.211 trilliún é i bpraghsanna reatha.

### 21 . 12

D'údaraigh an Coimisiún **an chéad vacsaín sábháilte éifeachtach in aghaidh COVID-19**.





### 24 . 12

Tar éis dianchaibidlíochta, tháinig an Coimisiún ar **chomhaontú leis an Ríocht Aontaithe** maidir le téarmaí an chaidrimh a bheidh aici amach anseo leis an Aontas Eorpach.



### 27 . 12

**Tugadh an vacsaín in aghaidh COVID-19 do mhuintir na hEorpa den chéad uair.**

# EANÁIR
2021



## 6.1

Údaraíodh **an dara vacsaín sábháilte éifeachtach in aghaidh COVID-19**.



© Unsplash - Zac Wolff

## 18.1

Sheol an Coimisiún céim deartha an tionscnaimh **'Bauhaus nua Eorpach'**, lena bhféachtar le dearadh, inbhuanaitheacht agus infheistíocht a chur le chéile chun cuidiú chun an Comhaontú Glas don Eoraip a chur i gcrích.

## 29.1

D'údaraigh an Coimisiún **an tríú vacsaín sábháilte éifeachtach in aghaidh COVID-19**.



## 29.1

Bhunaigh an Coimisiún **sásra um thrédhearcacht agus údarú chun vacsaíní in aghaidh COVID-19 a easpórtáil**.

# FEABHRA
2021

## 9.2

Mhol an tAontas **clár oibre nua don Mheánmhuir** chun a chomhpháirtíocht lena chomhpháirtithe i gComharsanacht an Deiscirt a neartú.



## 10.2

Dheimhnigh Parlaimint na hEorpa **an comhaontú polaitiúil ar ar tháinig sí maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta**, an príomhionstraim atá ag croílár NextGenerationEU.

## 17.2

Mhol an Coimisiún plean nua maidir le hullmhacht bhithchosanta, **Gorlann HERA**, chun an Eoraip a ullmhú don bhagairt a bhaineann le hathraithigh nua.





© Flickr - UNclimatechange

## 17.2

Cuireadh straitéis nua i láthair chun **rannchuidiú an Aontais leis an iltaobhachas atá bunaithe ar rialacha** a neartú.

## 18.2

Leag an Coimisiún amach **beartas trádála an Aontais**, beartas atá oscailte, inbhuanaithe agus ceannasach, do na blianta atá le teacht.



## 19.2

Ag Cruinniú Mullaigh G7, d'fhógair Uachtarán an Choimisiúin Ursula von der Leyen **go ndéanfaí dúbláil ar rannchuidiú an Aontais le COVAX**, saoráid an domhain le haghaidh rochtain uilíoch ar vacsaíní, sin méadú ó €500 milliún go €1 billiún.

# MÁRTA 2021

## 3.3

**Aontas an chomhionannais**: chuir an Coimisiún i láthair a straitéis le haghaidh na tréimhse 2021–2030 maidir le cearta daoine faoi mhíchumas, chun a rannpháirtíocht iomlán sa tsochaí a chinntiú.



## 4.3

**Trédhearcacht pá**: chuir an Coimisiún togra i láthair maidir le trédhearcacht pá chun a chinntiú go bhfaighidh mná agus fir san Aontas Eorpach pá comhionann as obair chomhionann.

## 4.3

Le **Plean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta** leagtar amach uaillmhian i gcomhair Eoraip shóisialta láidir.

## 9.3

**10 mBliana Digiteacha na hEorpa**: thug an Coimisiún aghaidh ar Eoraip a bheidh cumhachtaithe go digiteach faoi 2030.



## 10.3

Uachtarán Pharlaimint na hEorpa, David Sassoli, Príomh-Aire na Portaingéile António Costa, thar ceann Uachtaránachta na Comhairle, agus Uachtarán an Choimisiúin von der Leyen, shínigh an triúr sin an **Dearbhú Comhpháirteach maidir leis an gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa**.

## 11.3

Údaraíodh **an ceathrú vacsaín sábháilte éifeachtach in aghaidh COVID-19** lena húsáid san Aontas.



© bonnitura - Fotolia

## 17 . 3

Mhol an Coimisiún go gcruthófaí **deimhniú digiteach** chun saorghluaiseacht shábháilte laistigh den Aontas a éascú le linn phaindéim COVID-19.

## 18 . 3

Seoladh an **Chomhairle Nuálaíochta Eorpach** chun nuálaíochtaí ceannródaíocha a dhéanamh de smaointe eolaíocha.



## 24 . 3

Leag an tAontas amach creat beartais cuimsitheach nua lena chinntiú **go ndéanfar cearta na leanaí uile** a chosaint agus mhol sé Ráthaíocht Eorpach do Leanaí a bhunú.

## 25 . 3

An Comhaontú Glas don Eoraip: Chuir an Coimisiún i láthair bearta chun **borradh a chur faoin táirgeadh orgánach**.

# AIBREÁN

2021

## 14 . 4

D’fhonn cur isteach ar shamhlacha gnó trasteorann a bhíonn i bhfeidhm ag eagraíochtaí coiriúla, chuir an Coimisiún i láthair **straitéis AE chun dul i ngleic leis an gcoireacht eagraithe**, chomh maith le **straitéis nua chun gáinneáil ar dhaoine a chomhrac**, a bhfuil sé d’aidhm acu cabhrú chun coireacht a chosc, gáinneálaithe a thabhairt faoi réim an cheartais agus íospartaigh a chumhachtú.




## 15 . 4

Leis an **gcomhaontú comhpháirtíochta nua idir an tAontas agus baill d’Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin**, leagadh amach an creat le haghaidh comhar polaitiúil, eacnamaíoch agus earnálach go ceann 20 bliain.

## 21 . 4

Mhol an Coimisiún rialacha agus gníomhaíochta nua le haghaidh **barr feabhais agus iontaoibh san intleacht shaorga**, lena bhféachtar le croílár domhanda na hintleachta saorga iontaofa a dhéanamh den Aontas Eorpach.



## 21 . 4

**Maoiniú inbhuanaithe agus tacsanomaíocht an Aontais**: rinne an Coimisiún bearta breise chun airgead a chur i dtreo gníomhaíochtaí inbhuanaithe.

# BEALTAINE

2021

## 5.5

Rinneadh an **straitéis Eorpach maidir le tionsclaíocht** a thabhairt cothrom le dáta chun a chinntiú go gcuirfear san áireamh i bhfís na straitéise maidir le hearnáil na tionsclaíochta go bhfuil cúinsí nua ann anois i bhfianaise ghéarchéim COVID-19 agus go spreagfar an t-aistriú chun geilleagar níos inbhuanaithe, níos digití, níos athléimní, agus atá níos iomaíche ar fud an domhain, a chur ar bun.





## 7-8.5

Ag an **gCruinniú Mullaigh Sóisialta in Porto** gheall institiúidí an Aontais, na comhpháirtithe sóisialta Eorpacha agus eagraíochtaí sochaí sibhialta a seacht ndícheall a dhéanamh chun Eoraip níos cuimsithí, níos sóisialta a thógáil.

## 8.5

**Ag Cruinniú Cheannairí an Aontais agus na hIndia, a reáchtáladh in Porto agus trí fhíschomhdháil**, thug an tAontas agus an India comhpháirtíocht chuimsitheach nascachta i gcrích, agus dhearbhaigh siad a ngealltanas comhoibriú chun tacaíocht a thabhairt do nascacht athléimneach inbhuanaithe san India agus i dtríú tíortha agus réigiúin araon.



## 9.5

Ar **Lá na hEorpa 2021** reáchtáladh imeacht tionscnaimh na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa in Strasbourg.

## 12.5

D'fhonn an tAontas a stiúradh i dtreo na sprice atá ann do 2050 maidir le pláinéad sláintiúil do dhaoine sláintiúla, ghlac an Coimisiún an **Plean Gníomhaíochta um Uisce, Aer agus Ithir Saor ó Thruailliú**.



## 15.5

**Ag Cruinniú Mullaigh: Maoiniú na nGeilleagar Afracach**, d'fhógair Uachtarán an Choimisiúin Ursula von der Leyen tionscnamh Team Europe chun tacú le téarnamh na hAfraice ó phaindéim COVID-19.

## 17.5

An Comhaontú Glas don Eoraip: mhol an Coimisiún **geilleagar gorm inbhuanaithe** san Aontas le haghaidh tionscail agus earnálacha a bhfuil baint acu le haigéin, farraigí agus cóstaí.





## 18.5

Glacadh **teachtaireacht maidir le cánachas gnó don 21ú haois** chun córas cánach gnó atá láidir, éifeachtúil agus cothrom a chur chun cinn san Aontas.

©Uachtaránacht na Portaingéile ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh 2021 – Pedro Sá da Bandeira

## 20.5

Shínigh an Coimisiún **an tríú conradh leis na cuideachtaí cógaisíochta BioNTech agus Pfizer**, chun 1.8 billiún dáileog bhreise dá vacsaín a fháil thar ceann Bhallstáit an Aontais idir deireadh 2021 agus 2023.






## 20.5

Chomhaontaigh Ballstáit an Aontais **ligean do thaistealaithe vacsaínithe ó thíortha lasmuigh den Aontas teacht isteach arís**.

## 21.5

D'fhógair Uachtarán an Choimisiúin Ursula von der Leyen **tionscnamh Team Europe dar luach €1 billiún** maidir le monarú agus rochtain ar vacsaíní, ar chógais agus ar theicneolaíochtaí sláinte san Afraic.






## 21.5

**Ag an gCruinniú Mullaigh Sláinte Domhanda**, a chomhóstáil Uachtarán an Choimisiúin Ursula von der Leyen agus Príomh-Aire na hIodáile Mario Draghi, thug ceannairí G20 gealltanas maidir le sraith gníomhaíochtaí chun dlús a chur le deireadh ghéarchéim COVID-19 i ngach áit agus chun ullmhú ar bhealach níos fearr do phaindéimí a bheidh ann amach anseo.

## 25.5

Íocadh amach €14.1 billiún le 12 Bhallstát i leith na seachtú tráthchoda de **thacaíocht airgeadais faoin ionstraim SURE**.



## 26.5

Chuir an Coimisiún i láthair treoir chun an **Cód Cleachtais maidir le Bréagaisnéis** a neartú, sin an chéad uirlis den sórt sin ar domhan.

## 28.5

Leag an tAontas amach pacáiste tacaíochta eacnamaíche dar luach €3 bhilliún don **Bhealarúis** dhaonlathach amach anseo.



## 31.5

**Dhaingnigh na Ballstáit uile an cinneadh maidir le hacmhainní dílse**, rud a chuir ar a chumas don Choimisiún iasachtaí a fháil chun an téarnamh a mhaoiniú faoi NextGenerationEU.

# MEITHEAMH
## 2021

## 1.6

**Seoladh Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh**, sin tús ré nua sa chomhrac i gcoinne na coireachta trasteorann.




## 2.6

Chuir an Coimisiún i láthair straitéis nua chun an limistéar saorthaistil is mó ar domhan – **limistéar Schengen** – a dhéanamh níos láidre agus níos athléimní.



## 3.6

Mhol an Coimisiún creat le haghaidh **céannacht dhigiteach Eorpach a bheadh iontaofa agus slán** agus a chuirfí ar fáil do gach saoránach, cónaitheoir agus gnólacht de chuid an Aontais.



## 15.6

Ag an gCruinniú Mullaigh sa Bhruiséil, thug **ceannairí an Aontais agus ceannairí na Stát Aontaithe** gealltanas deireadh a chur le paindéim COVID-19 agus dlús a chur leis an téarnamh domhanda.



# IÚIL

2021

## 6.7

Chun cur lena uaillmhian maidir leis an maoiniú inbhuanaithe, ghlac an Coimisiún an togra maidir le **Caighdeán Bannaí Glasa an Aontais**, togra lena gcruthaítear caighdeán deonach ardcháilíochta maidir le bannaí lena maoinítear infheistíocht inbhuanaithe.

## 14.7

Ghlac an Coimisiún Eorpach pacáiste tograí chun beartais aeráide, fuinnimh, úsáide talún, iompair agus chánach an Aontais a chur in oiriúint chun glanastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú **55% ar a laghad faoi 2030**, le hais leibhéil 1990.



## 16.7

Bhí sé d'aidhm ag **Straitéis Foraoise an Aontais** foraoisí sláintiúla agus athléimneacha a chinntiú, foraoisí a chuirfidh go mór leis an mbithéagsúlacht agus le cuspóirí aeráide.

## 20.7

**Smacht Reachta 2021**: Léiríodh i dtuarascáil de chuid an Aontais go ndearnadh dul chun cinn dearfach sna Ballstáit ach go raibh cúis mhór imní ann freisin.




## 20.7

**Coireacht eacnamaíoch a shárú**: rinne an Coimisiún ollchóiriú ar rialacha maidir le frithsciúradh airgid agus maidir le maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac.

# MÍ LÚNASA

2021

## 25.8

**Tugadh amach 522.4 milliún dáileog vacsaíne san Aontas** ó mhí na Nollag 2020, agus bhí níos mó ná 250 milliún saoránach de chuid an Aontais vacsaínithe go hiomlán faoin tráth seo.



Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh